

©Tarsila Kruse



*Beannaíonn siad domsa
Is mé ag siúl na slí
Bláthanna geala gleoite
Bláthanna geala buí*

Áine Ní Ghlinn

Bí ag smaoineamh / Bí ag plé (Teanga ó Bhéal)

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?
Ainmnigh na dathanna go léir a fheiceann tú.
Cén séasúr atá ann? Cá bhfios duit?
Cén sórt bláthanna atá le feiceáil?
Dá mbeadh tusa ag péinteáil pictiúir den séasúr seo céard eile a chuirfeá isteach ann?

Céard iad na dathanna a fheiceann tú san earrach, de ghnáth?
Céard iad na dathanna a fheiceann tú i rith an tsamhraidh?
Sa bhfómhar? Sa gheimhreadh?

Cén teideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?

An bhfuil an cailín sa phictiúr sona?

Samhlaigh tú féin sa phictiúr in áit an chailín.
Céard a fheiceann tú thart timpeall ort?
Céard a chloiseann tú?
An bhfuil tú sona sásta? Cén fáth?

Tionscnamh (Ealaíon)

Déan liosta de na bláthanna ar fad atá ar eolas agat.
Déan pictiúr de gach bláth.

Déan liosta de na héin ar fad atá ar eolas agat.
Déan pictiúr de gach éan.

Féach ar líne agus faigh píosaí ealaíona eile a d'úsáid bláthanna (**Ealaíon / Stair**)

Bí ag Scríobh (Teanga –Scríbhneoireacht)

1. Cluiche:

Roghnaigh éan. Déan cur síos air i mbeagán focal (2/3 fhocal).

Ná luaigh ainm an éin.

An féidir leat cur síos a dhéanamh air ionas go n-aithneoidh daoine eile é gan ainm an éin a bheith luaite?

Is féidir cluiche **Cé mise?** a imirt.

Sampla:

Brollach dearg

Cé mise?

(Freagra: Is spideog tú)

Gorm is buí

Cé mise?

(Freagra: Is meantán gorm tú)

2. Dán a scríobh

Roghnaigh éan nó ainmhí a bhíonn le feiceáil san earrach.

Scríobh abairtí ina bhfuil 2 nó 3 fhocal faoin éan nó faoin ainmhí sin. **(OSIE)**

Cuir na habairtí le chéile chun dán a dhéanamh. Is féidir é seo a dhéanamh leat féin nó le cairde (abairt an duine chun dán grúpa a dhéanamh).

(Ní gá go mbeadh rím ann ach is féidir rím a bheith ann más mian leat.)

Sampla:

Bailím duilleoga

Bailím féar

Déanaim nead

Eitlím san aer

©Áine Ní Ghlinn